**COMHAIRLE CATHRACH CHORCAÍ**

**CORK CITY COUNCIL**

**An Stiúrthóireacht Bóithre agus Iompair – An Rannóg Iompair**

**FOIRM T3** **FÓGRA UM OIBREACHA LENA mBAINEANN ÉIFEACHT ÍOSTA**

**Lúnasa 2011**

# Iarratas ar Cheadúnas ar Thochailt Aonair atá níos lú ná 5 mhéadar chearnacha i limistéar lena mbaineann éifeacht íosta ar Shreabhadh Tráchta nó Coisithe

*SEOMRA 335, HALLA NA CATHRACH, CORCAIGH.* Teil: 021-4924330

**NÍ MÓR GACH CUID A CHOMHLÁNÚ**

**Iarratasóir:** ____________________________________________ **Tagairt an Iarratasóra** ____________________
*(Ní foláir nó go bhfuil árachas ag an iarratasóir)*

**Seoladh an Iarratasóra:** ____________________________________________

____________________________________________

**Uimh. Theileafóin Teagmhála:** ____________________ **Uimh. Facs:** __________________ **Ríomhphost:** ____________________

Láthair bheacht na n-oibreacha atá molta: ____________________________________________

Cuspóir na Tochailte: ____________________________________________

Achar na Tochailte: **Bóthar** ________ m2 **Cosán** ________ m2 **Spás Oscailte** ________ m2

**Má tá an tochailt iomlán níos mó ná 5 m2, BAIN ÚSÁID AS FOIRM T1**

An bhfuil gá le Dúnadh Sealadach Sráide: Tá ☐ Níl ☐ Má tá**, bain úsáid as FOIRM R1 freisin**

An mbeidh éifeacht ar na Marcanna Bóthair: Beidh ☐ Ní bheidh ☐

An mbeidh éifeacht ar Lúba Tráchta nó ar Acomhail Soilsithe: Beidh ☐ Ní bheidh ☐ **Má bhíonn, cé mhéad?** ___________

An mbeidh éifeacht ar Bhánna Páirceála Dioscaí: Beidh ☐ Ní bheidh ☐ **Má bhíonn, cé mhéad?** ___________

Ar ullmhaíodh Plean um Chóras Slán Oibre: Ullmhaíodh ☐ Níor ullmhaíodh ☐ **Féach Coinníoll Ceadúnais 4.**

An mbeidh Crosaire Droichid riachtanach: Beidh ☐ Ní bheidh ☐ **Má bhíonn, Líon na Lánaí Tráchta: ___**
**(Isteach) ___ ( Amach)**

Ar aimsíodh gach seirbhís a bhí ann cheana ar an láithreán: Aimsíodh ☐ Níor aimsíodh ☐ **Féach Cuid 9 de na "Directions for the Management and Control of Roadworks in Cork City"**

An mbeidh éifeacht ar Chosán: Beidh ☐ Ní bheidh ☐ **Má Bhíonn, déan líníocht a cheangal chun léiriú a thabhairt ar chomh mór is a bheidh éifeacht air, an leagan amach, comharthaíocht, ráillí cosanta srl ar an gcosán sealadach i gcóngar do na hoibreacha**

An mbeidh éifeacht ar Bhóthar a Athdhromchlaíodh le Déanaí: * Beidh ☐ Ní bheidh ☐ **Má bhíonn, déan foirm T3A a chomhlánú freisin**

An mbeidh éifeacht ar Bhóthar a Athdhromchlaíodh le Déanaí: * Beidh ☐ Ní bheidh ☐ **Má bhíonn, beidh tuilleadh coinníollacha agus éarlais mhéadaithe i gceist**

An bhfuil cóip de do Phlean Bainistíochta Tráchta san áireamh leis an iarratas seo? Tá ☐ Níl ☐

Ar chuir tú cóip den fhógra a eisíodh do na Gardaí faoi iamh? Chuir ☐ Níor chuir ☐

Ar chuir tú cóip den phlean um leagan amach an láithreáin faoi iamh? Chuir ☐ Níor chuir ☐

*** TABHAIR FAOI DEARA: Is éard atá i gceist le "Athdhromchlaíodh le Déanaí" le 5 bliana anuas**

Fad beartaithe na n-oibreacha: Dátaí Ó ______________________________ Go: ______________________________

<u>**Tá fianaise d'Árachas Fostóra agus Dliteanais Phoiblí ceangailte, atá sínte chun Comhairle Cathrach Chorcaí a shlánú le haghaidh teorainneacha nach lú ná €13 milliún agus €6.5 milliún faoi seach maidir le dliteanas dlí i gcás gortú coirp nó i gcás éileamh tríú páirtí mar gheall ar dhíobháil maoine a tharlóidh de dhroim na n-oibreacha bóthair / na ngníomhaíochtaí, atá mar ábhar an iarratais seo, go dtí tabhairt chun críche na tréimhse cothabhála chun sástacht Chomhairle Cathrach Chorcaí**</u> (Féach an Ceadúnas Coinníoll 2) **Tá** ☐ **Níl** ☐

Más gá do chonraitheoir na hoibreacha a thabhairt chun críche, déan an méid seo a leanas a chomhlánú:-

Ainm an Chonraitheora: ____________________________________________

Seoladh an Chonraitheora: ____________________________________________

Uimh. Theileafóin: ________________________ Uimh. Facs: ________________________ Uimh. Fhóin Phóca: ________________________

**Tá na Coinníollacha Ceadúnais 1 go 19 lastall /ceangailte agus leis seo glacaim leo agus geallaim agus aontaím le Comhairle Cathrach Chorcaí go mbeidh mé faoi cheangal ag na coinníollacha sin.**

**Beidh mé faoi dhliteanas go haonarach agus déanfaidh mé Comhairle Cathrach Chorcaí a shlánú ó gach éileamh agus i gcoinne gach éilimh maidir le gortú nó díobháil do dhaoine nó do mhaoin a d'fhéadfadh tarlú de dhroim na n-oibreacha bóthair atá mar ábhar an iarratais seo agus/nó a d'fhéadfadh tarlú de dheasca gníomhaíochtaí a bhaineann nó a eascraíonn as oscailt an bhóthair nó i gcoinne gach gníomh nó imeacht is féidir a thabhairt in aghaidh Chomhairle Cathrach Chorcaí mar gheall ar an ngortú nó ar an díobháil sin**

**agus i gcoinne gach costas agus dliteanas lena mbaineann.**

**Teagmhálaí Saincheaptha/ Comhordaitheoir Sábháilteachta agus Sláinte ar an láithreán:**
______________________________________

**(BLOCLITREACHA**

**Uimh. Fhóin Phóca: _____________________ Uimh. Theileafóin san Oíche _________________________**

**Dáta : ___________________________ Síniú: ___________________________________________________________**

**AINM: (BLOCLITREACHA) __________________________________________________________**

**<u>COINNÍOLLACHA AN CHEADÚNAIS</u>**

**1.** Ní dhéanfaidh an Ceadúnaí na hoibreacha a thabhairt chun críche ach amháin laistigh de na hamanna agus de na dátaí atá léirithe ar an gCeadúnas. Ní bhaineann feidhmiú an Cheadúnais seo ach amháin le limistéir laistigh de dhlínse Chomhairle Cathrach Chorcaí. Ar threoir ón nGarda Síochána nó ó fhostaí údaraithe Chomhairle Cathrach Chorcaí, ní mór oibreacha a chur ar fionraí láithreach agus foráil sábháilteachta a dhéanamh do choisithe agus do shreabhadh tráchta feithiclí. Déanfar na cúiseanna as stad a ordú a dhearbhú ina dhiaidh sin i scríbhinn.

**2.** Ní mór don Iarratasóir fianaise ar chumhdach Árachas Fostóra agus Dliteanais Phoiblí le haghaidh teorainneacha nach lú ná €13 milliún agus €6.5 milliún faoi seach maidir le dliteanas dlí i gcás gortú coirp nó i gcás éileamh tríú páirtí mar gheall ar dhíobháil maoine a tharlóidh de dhroim na n-oibreacha bóthair / na ngníomhaíochtaí, atá mar ábhar an iarratais seo, go dtí tabhairt chun críche na tréimhse cothabhála chun sástacht Chomhairle Cathrach Chorcaí. Ní mór na polasaithe sin a shíneadh chun Comhairle Cathrach Chorcaí a shlánú. Coimeádann Comhairle Cathrach Chorcaí an ceart athbhreithniú a dhéanamh ar an teorainn slánaithe seo maidir le leordhóthanacht ag brath ar imthosca láthair na n-oibreacha bóthair agus cé chomh gar agus atá siad do mhaoin tríú páirtí srl.

**3.** **Bíonn an Ceadúnaí freagrach as an tochailt agus as an gcur chun feidhme in athuair ar bhonn buan ar feadh tréimhse cothabhála dar fad ceithre mhí is fiche ó chur isteach Fhógra bailí T5 um Dhúnadh ar Chur chun Feidhme in Athuair nó go dtí dáta 24 mí i ndiaidh d'íocaíocht a bheidh faighte as na táillí agus na muirir go léir atá bainteach, cibé acu ceann is déanaí. Déanfar an tréimhse cothabhála a shíneadh ar feadh tréimhse suas le 24 mí ó dháta an Fhógra Éislinne, go dtí go mbeidh oibreacha feabhais tugtha chun críche.**

**4.** Ní mór Plean um Chóras Slán Oibre atá Sainiúil do Láithreán a ullmhú agus a choimeád ar an láithreán lena iniúchadh, i dtaca leis an iarratas seo. Beidh an Plean seo bunaithe ar mheasúnú riosca arna dhéanamh maidir le gach gníomhaíocht a dhéantar ag an láthair oibre. Ansin ní mór córas slán oibre a ullmhú agus a fhorfheidhmiú chun gach fostaí, gníomhaí, ceadúnaí nó conraitheoir ag an láthair oibre mar aon leis an bpobal i gcoitinne a chosaint, agus béim faoi leith ar dhaoine atá faoi mhíchumas.

**5.** Is coinníoll é den cheadúnas go mbeidh na hoibreacha go léir de réir "Directions for the Management and Control of Roadworks in Cork City", atá ar fáil saor in aisce ach é a iarraidh, arna fhorlíonadh ag 'Specification for Road Works' an Údaráis um Bóithre Náisiúnta (atá le ceannach ón Údarás um Bóithre Náisiúnta) agus de réir 'Lámhleabhar na gComharthaí Tráchta' (An Roinn Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil, atá le ceannach ó Oifig Dhíolta Foilseachán Rialtais).

**6.** Agus an obair lena mbaineann an ceadúnas seo á feidhmiú, déanfaidh an ceadúnaí gach iarracht réasúnta gan bac a chur ar choisithe ná ar thrácht feithiclí. Sa chás go gcuireann oibreacha isteach ar chosán poiblí ní mór cosán sealadach ar a mbeidh lámhráillí oiriúnacha agus rampaí neamhshleamhnánacha a chur ar fáil timpeall na hoibreacha. Go háirithe níor cheart guais a chruthú d'úsáideoirí an bhóthair/an chosáin phoiblí atá dall nó dall i bpáirt. Beidh rialú agus comharthaíocht ar oibreacha bóthair de réir 'Lámhleabhar na gComharthaí Tráchta' (An Roinn Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil, atá le ceannach ó Oifig Dhíolta Foilseachán Rialtais).

**7.** Beidh na hoibreacha ar fad, lena n-áireofar stóráil shealadach agus thar oíche an ghléasra agus an trealaimh de réir 'Specification for Road Works' an Údaráis um Bóithre Náisiúnta (atá ar fáil le ceannach ón Údarás um Bóithre Náisiúnta) nó faoi mar atá sonraithe sa Cheadúnas.

**8.** **Ní mór dhá chomhartha ar a laghad a léiriú ar an láithreán ag léiriú ainm agus uimhir theileafóin teagmhála an chonraitheora.**

**9.** Ní mór don Cheadúnaí gach freagracht a ghlacadh as deisiú cuí na seirbhísí go léir arna ndíobháil i rith na tochailte.

**10.** Déantar an ceadúnas a eisiúint ar bhonn na faisnéise atá léirithe san iarratas. Déanfar aon leasú ina dhiaidh sin ar an bhfaisnéis seo roimh thús na hoibre a chur isteach i scríbhinn chuig Comhairle Cathrach Chorcaí agus é faoi réir comhaontaithe.

**11.** Beidh cosaint imleor ag tochailtí chun éifeachtaí díobhálacha ó ualú rotha cóngarach ó fheithiclí tráchta agus tógála a sheachaint agus chun bac a chur ar lagú na pábhála cóngaraí.

**12.** Má lagaítear an phábháil chóngarach, ní mór í a ghearradh siar 100 mm ó imeall na hintitime ar feadh lán na coda sin den tochailt chun imeall cóirithe díreach a chothabháil i gcomhthreo leis an tochailt bhunaidh. Ina theannta sin, ní mór gach imeall de na limistéir thochailte ar chosáin agus ar bhóithre de dhéantús coincréite nó biotúmanach a ghearradh le toireasc chun imill chóirithe a fhabhrú. Sa chás go bhfuil cur chun feidhme in athuair ar bhonn buan á dhéanamh, beidh an t-imeall cóirithe 100mm ar a laghad ó imeall daingean na tochailte.

**13.** Beidh an tsonraíocht le haghaidh seirbhísí adhlactha cuí chun an t-ualú tráchta ábhartha a iompar ag doimhneacht clúdaigh na seirbhíse suiteáilte.

**14.** Tá scóip 50mm ar a laghad riachtanach go hingearach agus go cothrománach idir duchtanna aonair nó idir seirbhísí atá suiteáilte i ngrúpa.

**15.** Beidh ábhar ina ndéanfar seirbhísí a leagan ann balctha go himleor chun bac a chur ar iar-chomhdhlúthú.

**16.** Beidh suiteálacha comhréireacha agus tochailtí trinse díreach, d'fhad réasúnta agus leagtha amach i gcomhthreo le lár an bhóthair/an chosáin chomh fada agus is féidir. I gcás bóthair neamhréirigh nó crosairí cosáin, beidh an t-ailíniú dronuilleach leis an gcolbha nó le líne na maoine. Má theiptear na riachtanais seo a chomhlíonadh déanfar an limistéar cur chun feidhme in athuair a shíneadh.

**17.** Glactar go mbainfear úsáid as tochaltóir dreidireachta nó *backacter* chun críocha tochailte meicniúla. Beidh úsáid modhanna eile de thochailt mheicniúil (m.sh. trinsiúr/barrghearrthóir) faoi réir ag faomhadh roimh ré i scríbhinn ó Rannóg Cothabhála Bóthair Chomhairle Cathrach Chorcaí. Caithfear tochaltóirí ar a bhfuil boinn rubair a úsáid ar thrinsí i mbóithre poiblí.

**18.** Beidh oibreacha atá cóngarach nó a chuireann isteach ar lúba tráchta faoi réir ag faomhadh roimh ré i scríbhinn ó Rannóg Iompair Chomhairle Cathrach Chorcaí

**19.** Sa chás go ndámhann an Rannóg Iompair cead **cosán atógtha nó athdhromchlaithe** a thochailt laistigh de **<u>5 bliana</u>** ó dháta an fhorluite/ an fheabhsaithe, déanfaidh an t-iarratasóir LÁN-LEITHEAD LÁNA pábhála a athsholáthar ar an bhfad iomlán a thochlaítear. Sa chás go ndéantar tochailt trasnála, déanfaidh an t-iarratasóir leithead iomlán an bhóthair a athsholáthar chomh fada le 5 mhéadar ar an dá thaobh den tochailt. Ní fhostófar ach conraitheoirí dromchlaithe atá inniúil, beidh na hábhair a úsáidtear agus doimhneacht na tógála comhionann leis an tsonraíocht atá ann cheana. Ní mór

tabhairt faoin gcur chun feidhme in athuair ar bhonn buan láithreach nó tráth nach déanaí ná 3 mhí ó dháta na tochailte tosaigh. Is é sábháilteacht phoiblí an rud is tábhachtaí thar aon ní eile agus dá réir sin ní mór cur chun feidhme in athuair ar bhonn sealadach a chothabháil go cuí ag gach tráth.

**20.** Sa chás go ndámhann an Rannóg Iompair cead cosán **atógtha nó forluite** a thochailt laistigh de **5 bliana** ó dháta an fhorluite/ an fheabhsaithe, déanfaidh an t-iarratasóir CUR CHUN FEIDHME IN ATHUAIR NA gCUAS IOMLÁN a athshlánú. Beidh na hábhair a úsáidtear agus doimhneacht na tógála comhionann leis an tsonraíocht atá ann cheana. Ní mór tabhairt faoin gcur chun feidhme in athuair ar bhonn buan láithreach.